C/2025/3948

10.7.2025

TUAIRIM ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

an 2 Iúil 2025

maidir le moladh le haghaidh rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 974/98 maidir leis an euro a thabhairt isteach sa Bhulgáir agus maidir le moladh le haghaidh rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 maidir leis an ráta comhshó go dtí an euro don Bhulgáir

(CON/2025/15)

(C/2025/3948)

Réamhrá agus bunús dlí

An 5 Meitheamh 2025, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarraidh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar thuairim maidir le togra le haghaidh rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 974/98 a mhéid a bhaineann leis an euro a thabhairt isteach sa Bhulgáir ([1]). An 1 Iúil 2025, fuair BCE iarraidh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar thuairim maidir le togra le haghaidh rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 a mhéid a bhaineann leis an euro a thabhairt isteach sa Bhulgáir ([2]).

Tá inniúlacht Chomhairle Rialaithe BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagal 140(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

Barúlacha

1. Leis na rialacháin atá beartaithe, beifear in ann an euro a thabhairt isteach mar airgeadra na Bulgáire tar éis aisghairm mhaolú na Bulgáire i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 140(2) den Chonradh.

2. Fáiltíonn BCE roimh an rialachán beartaithe.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 2 Iúil 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([1]) COM(2025) 301 final.
([2]) COM(2025) 372 final.